INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO

SCRÚDÚ FAOI THEASTAIS GHAEILGE, EARRACH, 2022

SCRÚDÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAEILGE

PÁIPÉAR I - 100 MARC

(85 MARC ANSEO AGUS 15 MARC DON GHNÉ PHRAITICIÚIL)

Trí huaire an chloig don pháipéar seo (10.00 – 1.00). Cúig cheist a fhreagairt, ceann amháin as gach Roinn.

ROINN A

1. Scríobh aiste (thart ar dhá leathanach i.e. 400 focal) ar ábhar amháin díobh seo:-

(a) An tábhacht a bhaineann leis na hAmharcealaíona, leis an gCeol agus leis an Drámaíocht sa bhunscoil.
(b) Na rudaí atáim toilteanach agus nach bhfuilim toilteanach a dhéanamh chun an domhan a shábháil.
(c) Is maith an rud é go mbeidh saoire phoiblí againn do Naomh Bríd ón mbliain seo chugainn ar aghaidh.
(d) Tagann na rudaí is fearr sa saol seo saor in aisce.
(e) Cúrsaí Gaeltachta d'fhoghlaimeoirí Gaeilge.

(35 mharc)

ROINN B

Freagair Ceist 2 nó Ceist 3

2. Aistrigh go Gaeilge:-

It is often said that you can find the four seasons in one day at this time of the year. That is the kind of day we had ten days ago. In the morning when I was going to school there was frost on my car and ice on the roads. When I reached the school the sun was shining and when I went out to the yard at break time the frost and ice had disappeared and the weather was very nice. In the afternoon after school I decided to go out for a walk. I did not put on a hat nor gloves. After a while I saw dark clouds gathering in the sky and a strong wind began to blow. I started to walk more quickly but before long it was raining. By the time I reached the house it was raining very heavily and I was soaking wet. Half an hour later I looked out the window. It wasn't raining anymore and there wasn't a puff of wind in it.

(15 mharc)

3. Aistrigh go Gaeilge:-

1. I am from Cork originally. I was born and reared there.
2. My grandmother is a kind and generous person. She is very good to me.
3. I am a member of the boat club. I go rowing every Saturday.
4. Síle learned a lot of new teaching skills during the year.
5. Eoghan will take part in a cross-country race next week-end.
6. I have a complaint. The soup was cold and the dessert was very sweet.
7. My favourite pastime is to play the drums.
8. That film will start at half past seven and finish at a quarter to nine.
9. I went to a play in the theatre last Friday night and I enjoyed it very much.
10. There is a furniture shop and a carpet shop in the shopping centre beside me.

(15 mharc)

ROINN C

Freagair Ceist 4 nó Ceist 5

4. Athscríobh an t-alt seo a leanas agus cuir isteach an fhoirm cheart de na focail atá idir lúibíní:-

"Tá scéal agam duit, a Threasa!" arsa Cormac, "bhí mé ag (smaoinigh) ag an deireadh seachtaine agus tá gach rud (socraigh) agam. Táim chun rothar nua a (faigh), rothar leictreach!" "Nach (abair) tú liom an tseachtain seo caite go raibh tú chun gluaisteán leictreach a cheannach!" arsa Treasa. "Tá na rothair leictreacha sin an-chontúirteach. Cuimhnigh go mbeidh tusa seachtó (bliain) d'aois an bhliain seo chugainn! Nach (caith) tú a bheith níos (cúramach) as seo amach!" "A Threasa! Is duine an-chúramach mise agus leis an rothar leictreach seo beidh mé in ann dul timpeall (an chathair) ar luas lasrach. Dá (ceannaigh: mé) gluaisteán bheadh árachas agus mótarcháin le híoc agam. Táim ag smaoineamh, áfach, ar chulaith (leathar) a cheannach, chun an fuacht a choinneáil amach, tá a fhios agat!"

(10 marc)

5. Athscríobh na habairtí seo a leanas gan na lúibíní agus athraigh iad más gá:-

1. An (tar) sneachta amárach, an dóigh leat?
2. Chaith mé go leor ama ag (taispeáin) do na páistí conas slat iascaigh a ullmhú.
3. Míním na rialacha do na páistí ag tús (an bhliain).
4. Tháinig an Príomhoide go dtí mo sheomra nuair a bhí mé ag ceartú (na cóipleabhair).
5. Chuaigh na páistí agus a (cairde) go dtí an sorcas.
6. Bhí sioc ar (na bóithre) ar maidin.
7. Is é Feargal an duine is (ciúin) sa chlann seo.
8. Má théann tú amach san aimsir seo gan chóta, nach (faigh) tú slaghdán!
9. "Tá fáilte (roimh: sibh), a pháistí, go dtí Músaem na bPiarsach," arsa an treoraí.
10. Dá gceannóinn madra (tabhair: mé) aire mhaith dó.

(10 marc)

ROINN D

Freagair Ceist 6 nó Ceist 7

6. Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair i d'fhocail féin na ceisteanna a ghabhann leis:

Jim Fahy

Rugadh an t-iriseoir agus an craoltóir Jim Fahy i mBaile Locha Riach, Contae na Gaillimhe ar 21 Samhain, 1946. D'fhreastail sé ar Scoil Náisiúnta Chill Rícill, ar Scoil De La Salle, Baile Locha Riach agus ina dhiaidh sin, tar éis dó scoláireacht a fháil, ar Choláiste Gharbhaile, Béal Átha na Sluighe. Sheas sé amach sa scoil sin ar go leor bealaí, bealach amháin, i dturgnamh eolaíochta a raibh pléasc mar thoradh air inar séideadh seid rothar san aer agus an t-ádh le Jim nár caitheadh amach as an scoil é.

Theastaigh ó Jim a bheith ina phíolóta ach is le hiriseoireacht a chuaigh sé. Thosaigh sé amach ag obair leis *An Tuam Herald* sa bhliain 1965 áit a raibh ardmheas ag a chomhghleacaithe air.

Sa bhliain 1974, ceapadh Jim mar Chomhfhreagraí Nuachta an Iarthair i Raidió Telefís Éireann. I dtús a thréimhse sa ról sin, thug sé tuairiscí, mar shampla, tuairiscí ar thógáil Aerfort Chnoc Mhuire, ar na conspóidí go léir a ghabh leis sin agus chuir sé an Moinsíneoir James Horan in aithne do mhuintir na hÉireann. Gach uile rud a tharla in iarthar na hÉireann, i réimse na polaitíochta nó sa réimse cultúrtha, an chéad rud a déarfadh daoine lena chéile ná, "An ndearna aon duine teagmháil fós le Jim Fahy?"

Bhí an chuma ar an scéal go raibh spéis ar leith ag Jim i scéalta neamhghnácha dochreidte nó i dtubaistí áitiúla truamhéalacha, tuilte, mar shampla, i ndeisceart na Gaillimhe, agus is beag geimhreadh a chuaigh thart nach bhfacthas Jim ar Nuacht an tráthnóna ar RTÉ ina sheasamh ina bhuataisí ar bhóthar éigin nó i bpáirc éigin faoi uisce. Thuill sé clú dá chlár raidió *Looking West* ar craoladh 450 eagrán de idir 1977 agus 1984. Bhí sé de bhua aige go raibh sé in ann na daoine a bhí á gcur faoi agallamh aige a chur ar a gcompord. Is iomaí gradam a bhuaigh Jim, ina measc, Gradam Jacob sa bhliain 1984.

Cailleadh Jim Fahy ar 14 Eanáir, 2022 agus cuireadh i dTuaim é.

1. Cén fhianaise atá san alt go raibh Jim Fahy ina dhalta cliste?
2. Cén fáth ar féidir a rá gur éalaigh Jim ó phionós i gColáiste Gharbhaile?
3. Cén tslí bheatha a bhí sé ar intinn ag Jim a thógáil suas?
4. Cén tallann ar leith a bhí ag Jim mar iriseoir?
5. Conas go bhfuil a fhios agat go raibh ardmheas ar Jim Fahy mar iriseoir raidió?

(10 marc)

7. Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair i d'fhocail féin na ceisteanna a ghabhann leis:

Paddy Maloney

Rugadh an ceoltóir agus an cumadóir Paddy Maloney i nDomhnach Cearna, Baile Átha Cliath ar 1 Lúnasa, 1938, an dara duine is sine de chúigear páistí.

Chomhbhunaigh Paddy Maloney *The Chieftains* le Seán Potts agus Michael Tubridy sa bhliain 1962. Is í an íomhá is coitianta atá ag daoine de na *Chieftains* ná an líne leathan de cheoltóirí agus Paddy Maloney ina shuí ar chathaoir sa lár, 'taoiseach' an ghrúpa ar gach uile bhealach, d'fhéadfá a rá gan amhras. Ba é spiorad dochloíte Paddy agus a thiomantas ba chúis leis an gcinneadh go dtosódh an grúpa ag seinm go gairmiúil, ar dtús in Éirinn agus ansin ar ardáin ar fud an domhain.

Ba í a mháthair a thug do Paddy a chéad uirlis cheoil – feadóg stáin a cheannaigh sí dó nuair a bhí sé sé bliana d'aois. Mar pháiste i Scoil Mhuire Marino, nuair a chuala Paddy Leon Rowsome, mac leis an bpíobaire clúiteach Leo Rowsome, ag seinm ar na píoba uilleann i mbanna ceoil na scoile, d'impigh Paddy ar a thuismitheoirí iarraidh ar Leo Rowsome foireann píob a dhéanamh dó féin. Thosaigh Paddy ag foghlaim na bpíob ó Leo Rowsome agus é ocht mbliana d'aois. Sheinneadh Paddy an bosca agus an bodhrán chomh maith. Deirtear go raibh sé ar fheabhas ar fad maidir le fonn a phiocadh suas agus deireadh sé féin go raibh sé in ann aithris a dhéanamh ar cheol na n-éan.

Cailleadh Paddy Maloney ar 12 Deireadh Fómhair, 2021 agus é trí bliana is ceithre scór. Tar éis a bháis, dúirt an tUachtarán Mícheál D. Ó hUiginn go raibh Paddy Maloney ar thús cadhnaíochta san athmhúscailt spéise sa cheol Gaelach agus gur chothaigh sé spéis sa cheol Gaelach sa bhaile agus go hidirnáisiúnta. Léadh aifreann a shochraide i Séipéal Naomh Caoimhín i nGleann Dá Loch agus cuireadh é sa reilig in aice láimhe.

1. Cé mhéad páiste níos sine ná Paddy Maloney a bhí ina chlann?
2. Cé a chuir síol na spéise sa cheol i Paddy Maloney?
3. Céard a spreag spéis Paddy sna píoba uilleann?
4. Cén scil cheoil neamhghnách a bhí ag Paddy, dar leis féin?
5. Cá bhfuil uaigh Paddy Maloney?

(10 marc)

ROINN E

Freagair Ceist 8 nó Ceist 9 nó Ceist 10

8. (a) Céard iad na feidhmeanna teanga atá á gcomhlíonadh ag na heiseamláirí teanga seo?
(i) "Is aoibhinn liom éisteacht le ceol."
(ii) "Ní féidir leis rothaíocht fós."
(iii) "Ca bhfuil an lacha sa phictiúr?"
(iv) "Tá an tíogar an-dainséarach."

(b) Cén chaoi a n-imrítear an cluiche teanga, "Céard atá sa mhála?" Tabhair samplaí den teanga a bhíonn in úsáid ag an múinteoir agus ag na páistí i rith an chluiche?

(c) Mar mhúinteoir, conas a mhíneofá na focail / frásaí seo a leanas: "dúnta," "ag Iascaireacht," "eitleán."

(15 mharc)

9. (a) Céard iad na buntáistí a bhaineann le rólimirt ó thaobh mhúineadh na Gaeilge de?

(b) Scríobh comhrá (14-16 líne) idir tuismitheoir agus páiste, faoin teideal, "An Lá Spóirt a bhí ag an rang inniu", comhrá a bheadh oiriúnach do dhaltaí sna meánranganna nó sna hardranganna. Taobh le taobh leis na hEiseamláirí Teanga (gach cuid den chomhrá), scríobh na Feidhmeanna Teanga atá á gcomhlíonadh.

(15 mharc)

10. (a) Mínigh Modh na Lánfhreagartha Gníomhaí. Léirigh a bhfuil le rá agat le samplaí.

(b) Céard iad na rudaí éagsúla ba chóir tarlú sa Tréimhse Iarchumarsáide i gceacht cumarsáideach? Léirigh a bhfuil le rá agat le samplaí.

(c) Cén chaoi a n-imrítear an cluiche teanga, "Cheannaigh mé"? Tabhair samplaí den teanga a bhíonn in úsáid ag an múinteoir agus ag na páistí i rith an chluiche?

(15 mharc)